



Together we are  
**road safety**

Bí páirteach sa Chairt Eorpach  
um Shábháilteacht ar Bhóithre  
agus déan difríocht

Together we are  
**road safety**

**Bí páirteach!**  
Déan difríocht

[www.erscharter.eu](http://www.erscharter.eu)



[www.erscharter.eu](http://www.erscharter.eu)

Bí páirteach sna mílte eagraíochtaí, comhlachais agus  
comhlachtaí Eorpacha le beatha daoine a shábháil.

Tel: (34) 934 670 434



Lompar

## An Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre

“Is mian le i bhfad níos mó eagraíochtaí sibhialta, agus iad ar an eolas faoina bhfreagracht roinnte, is mian leo dul i ngleic leis an tsábháilteacht ar bhóithre ina gcuid gníomhaíochtaí laethúla.”<sup>1</sup>

*An Coimisinéir Kallas*

Le deich mbliana anuas, laghdaíodh líon na mbásanna ar bhóithre na hEorpa faoi bheagnach 45%. Tá bealach fada fós le gabháil, áfach. Gach lá faigheann 75 duine bás i dtimpistí tráchta ar bhóithre.

Daingníodh An Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2004 mar an clár sochaí sibhialta is mó faoin tsábháilteacht ar Bhóithre.

Mar thionscnamh a raibh an Coimisiún Eorpach i gceannas air, cuireann An Chairt ESB ról suntasach i gcrích san iarracht uile-Eorpach lenár gcuid bóithre a dhéanamh níos sábháilte. Pobal atá sa chairt a chuimsíonn inniu breis is 2,300 sínitheoir a chuireann le feabhsú na gcaighdeán agus an chultúir shábháilteachta ar bhóithre trí fhíorthiomantais a dhéanamh agus trí thabhairt faoi ghníomhartha nithiúla.

Léiríonn ár bpobal ollmhór ball an fhíorthacaíocht agus an fíorthiomantas atá ann don tsábháilteacht ar bhóithre san Eoraip. Tugann eagraíochtaí, tionscail, gnólachtaí agus institiúidí faoi thionscnaimh a bhíonn dírithe ar a gcuid ball, a gcuid fostaithe agus ar an gcuid eile den tsochaí shibhialta.

Together we are  
road safety

<sup>1</sup> Siim Kallas Leasuachtarán agus Coimisinéir um Iompar le linn Searmanas Bronnta Duaiseanna na Cairte Eorpaí um Shábháilteacht ar Bhóithre – An Feabhas i Sábháilteacht na mBóithre, an Bhruiséil, 1ú Feabhra 2011.

## Misean na Cairte ESB i 2013-2016

Tá sé d’aidhm ag an gCairt ESB tiomantas na sochaí sibhialta a chothú, le fócas ar úsáideoirí leochaileacha, go háirithe an t-aos óg. Is é an misean atá aici ná tógáil ar an bpobal: an gá atá ann le go mbeadh páirtithe leasmhara agus baill de chuid na sochaí sibhialta ag dul i bpáirt lena chéile le glacadh le freagracht chomhchoiteann i leith na sábháilteachta ar bhóithre.



### Misean

#### Gníomhaíocht

Le comhlachais, scoileanna, ollscoileanna, comhlachtaí de gach cineál agus de gach méid, agus údaráis áitiúla a spreagadh, agus le tacú leo ar fad tabhairt faoi ghníomhaíocht i leith na sábháilteachta ar bhóithre san Eoraip.

#### Aitheantas

Aitheantas a thabhairt do gach cabhair a thugann an tsochaí shibhialta don tsábháilteacht ar bhóithre.

#### Eolas

Le baill de chuid na sochaí sibhialta a éascú maidir le heolas a fháil agus a roinnt faoi cheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas Eorpach

#### Dialóg

Le dialóg éifeachtach a chothú d’aistriú taithí agus cleachtas sábháilteachta ar bhóithre ag gach leibhéal den rialachas san Aontas Eorpach.



### Fís

Dul i bpáirt le gach páirtí sochaí sibhialta le cultúr dearfach sábháilteachta ar bhóithre san Aontas Eorpach le líon na dtimpistí bóthair a laghdú faoi 2020.